**Suirbhé ar Chrainn**

Is féidir díriú ar na gnéithe thíos leis an ngníomhaíocht seo:

- **Eolaíocht**: Dúile beo (Próisis na beatha); Feasacht agus cúram imshaoil (Cúram de mo thimpeallacht); Ag breathnóireacht, Ag imscrúdú agus ag tástáil, Ag anailísiú, Ag clarú agus ag cur in iúl.
- **Mata:** Sonraí (Sonraí a aithint, a léiriú agus a léirmhiniú); Cruth agus Spás (Feasacht ar spásúlacht); Cumarsáid agus cur in iúl; Comhtháthú agus nascadh.
- **Tír Eolais:** Imshaoil nádúrtha (An t-imshaol nádúrtha  áitiúil); Léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha
- **Na hAmharcealaíona:** Líníocht (Líníochtaí a dhéanamh).

**Gníomhaíocht**

**Téigh ar shiúlóid i do ghairdín nó timpeall do cheantar. Céard iad na crainn a fheiceann tú? An féidir leat suirbhé a dhéanamh? Cláraigh do thorthaí.**


Is féidir an tasc seo a bhriseadh suas thar cúpla lá. An chéad lá, d'fheadfadh na páistí mapa nó léarscáil a dhéanamh do ghairdín s'acu nó don cheantar máguaird. Is féidir an saghas léarscáil a athrú ag brath ar scileanna nó aois an pháiste (Léaráid 1 thíos) nó d'fheadfaí leas a bhaint as Google maps https://www.google.com/maps.


| Cineál Léarscáile | Léiriú | Fad idir Rudaí (gaireacht) | Suíomh coibhneasta Rudaí |
|---|---|---|---|
| Garbhléarscáil | Príomhthréithe a bhaineann le turas faoi leith a tharraingítear go neamhfhoirmiúil | Ní tharraingítear de réir scála i ach d'fhéadfaí leas a bhaint as siombailí nó as treoir ó bhéal | Tarraingítear críoch-chomharthaí in ord de ghnáth; d'fhéadfaí leas a bhaint as treoir neamhfhoirmiúil maidir le treo |
| Léaráidí Líonra | Léiríonn poncanna (nóid) ábhair spéise; léiríonn línte naisc idir rudaí | Ní léirítear | Caomhnaítear an t-ord le línte a léiríonn naisc idir rudaí; ní thaispeántar an treo |
| Léarscáileanna Scála | Léirítear príomhghnéithe laistigh de theorainneacha faoi leith (le siombailí de ghnáth) | Tarraingthe de réir scála | Amharc anuas a léiríonn suíomh i gcoibhneas |
| Bonnchlónna | Tarraingítear príomhghnéithe de réir scála laistigh de theorainneacha faoi leith | Tarraingthe de réir scála | Amharc anuas a léiríonn suíomh i gcoibhneas agus treoshuíomh |

Léaráid 1: Cineálacha Mapaí (Cruth agus Spás: Lámhleabhar an Mhúinteora, PDST, 2015 lch. 65).

Nuair a bheidh an mapa nó léarscáil déanta, d'fheadfaí an suirbhé a dhéanamh an chéad lá eile. B'fhéidir go mbeadh an bhileog thíos cabhrach. Is féidir é seo a dhéanamh níos simplí nó cuir leis, más gá. Tá aipeanna ann freisin a chabhraíonn le duilleoga agus crainn a aithint, PlantSnap agus PlantNet, mar shampla.  D'fheadfaí ciorcal agus uimhir a úsáid chun na crainn a mharcáil ar an léarscáil. Is féidir eochair eolais a chur leis freisin.

Lá eile bheadh na páistí in ann an t-eolas a bhailigh siad faoi na crainn a léiriú ar ghraf. Arís, braithfidh an saghas graf ar aois agus ar chumas an pháiste. D'fheadfaí úsáid a bhaint as pacáiste ríomhaireachta chomh maith. Mar shampla, rinneadh iad seo le Microsoft Office




Iarr ar na páistí anailís a dhéanamh ar an graf. B' fhéidir go mbeadh na ceisteanna seo ina chabhair

- trí rud a insíonn an graf dóibh
- aon rud a chuireann iontas orthu?
- céard nach léiríonn an graf dúinn?

Bheadh na páistí in ann ceisteanna a chumadh faoi grafanna s'acu freisin agus iad a roinnt le páistí eile chun na iad a fheagairt.

D'fhéadfadh páistí óga duilleoga a bhailiú ó na crainn a fheiceann siad. Bheadh said in ann iad seo a shórtáil (mar shampla dath; cruth; méid; saghas crainn; crainn shíorghlasa agus crainn dhuillsilteacha srl.) agus ansin graf simplí a dhéanamh astu mar shampla






Chun tuilleadh smaointí a fháil, cliceáil ar an nasc seo chun pacáistí i nGaeilge do chuile rang a fháil

http://treeday.ie/classmodulesb.html

Is féidir cluiche meaitseála (i mBéarla) ar chrainn a aimsiú ag an nasc seo
http://www.treetoolsforschools.org.uk/activities/labelling/?act=lbl_common_tree_ID&id=0&col=D2232A&light=0&lcol=891C23&title=Common%20tree%20ID

| Crann | Pictiúr | Teailí | Iomlán |
| --- | --- | --- | --- |
| Fuinseog |  | | |
| Feá |  | | |
| Crann Cnó Capaill |  | | |
| Dair |  | | |
| Seiceamar |  | | |
| Giúis |  | | |